# ELeathanach 459

Dé Máirt, an 26 Feabhra 2024





## Curiarracht Dhomhanda

Nach iontach iad an grúpa seo ó phobal Karbi san India! D'éirigh leo curiarracht dhomhanda a bhaint amach don siúl! Bhí 721 duine ag siúl i líne amháin, ach bhí siad ag siúl ar chosa croise!

Bhí orthu siúl ar feadh 10 nóiméad chun an churiarracht a bhaint amach. Bhí an líne beagnach 2km fada.

Ar ábhar eile, bhain *Guinness World Records* curiarracht ó mhadra le déanaí. Ba é Bobi an madra agus fuair sé bás an bhliain seo caite, agus cheap a úinéir go raibh sé 31 bliain agus 165 lá d'aois.

Bhain Bobi an churiarracht amach i mí Feabhra an bhliain seo caite. Cé go raibh sé ainmnithe mar an madra is sine ar domhan, tháinig athrú ar an scéal an mhí seo caite. Is cosúil nach bhfuil go leor fianaise ann go raibh an madra chomh sean sin.

## *Fête du Citron*: Féile na Líomóidí

Le 90 bliain anuas, bíonn féile i Menton, sa Fhrainc, chun na líomóidí a cheiliúradh. In 1934, nuair a bhí an chéad ócáid acu, bhí níos mó líomóidí ag fás i Menton ná in aon áit eile ar Mhór-Roinn na hEorpa.

Faoi láthair, tá béim ar cé chomh maith agus atá na líomóidí, in áit cé a fhásann an méid is mó díobh. Tá clú agus cáil ar na líomóidí sa cheantar.

Thosaigh an fhéile ar an 17 Feabhra i mbliana agus críochnóidh sí ar an 3 Márta.

Bíonn téama ar leith ag *Fête du Citron* gach bliain.  I mbliana tá siad ag ceiliúradh na gCluichí Oilimpeacha, toisc go mbeidh siad ar siúl sa Fhrainc i rith an tsamhraidh.

Thóg daoine dealbha ollmhóra ag léiriú spórt a bhíonn le feiceáil mar chuid de na Cluichí Oilimpeacha. Ag deireadh na féile, is féidir le daoine na líomóidí agus na torthaí eile a cheannach ar phraghas íseal.








## Spásárthach príobháideach ar an ngealach

An tseachtain seo caite i Meiriceá, d'éirigh le comhlacht príobháideach spásárthach a sheoladh chuig an ngealach. Is é seo an chéad uair le 50 bliain gur leaindeáil spásárthach ó Mheiriceá ar an ngealach.

Níl aon duine ar an spásárthach, ach ceapann siad go dtabharfaidh an turas seo eolas dóibh faoin tslí le spásairí a chur chuig an ngealach amach anseo.

Tá cuma ar an scéal gur leaindeáil an spásárthach go míchothrom, ach tá teachtaireachtaí ag teacht ón spásárthach chuig an gcomhlacht.

Ollscoil Mhá Nuad

Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,

Coláiste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta